# CEISTNEOIR – CÁIN SHIARCHOINNEÁLACH AR SHEIRBHÍSÍ GAIRMIÚLA

Le comhlánú ag daoine neamhchónaitheacha nó ag comhlachtaí óna bhféadtar Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla (CSSG) Éireannach a asbhaint.

Freagair na ceisteanna seo uile.

**1.** Ainm agus seoladh an duine/na cuideachta ag éileamh aisíocaíochta CSSG:

**2.** Léirigh nádúr cruinn na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu lena mbaineann an t-éileamh seo: (féach nóta 1 ar leathanach 2).

**3.** Ainm agus seoladh an Chomhlachta Phoiblí Éireannaigh a ndearnadh an obair lena aghaidh:

**4.** Cén áit taobh istigh de Phoblacht na hÉireann ar cuireadh an obair i gcrích? (Tabhair sonraí faoin láthair, an seoladh, srl más éagsúil ón méid thuas):

**5.** Léirigh:

**(a)** Líon na laethanta agus na dátaí cruinne a caitheadh ag obair in Éirinn le linn na bliana/mblianta lena mbaineann d'éileamh.

**(b)** Má sholáthar tú aon ábhair le linn chúrsa an chonartha

**6.** An bhfuil an méid seo agat i bPoblacht na hÉireann?

| | | |
|---|---|---|
| **(a)** áit bhainistíochta: | Tá ☐ | Níl ☐ |
| **(b)** brainse: | Tá ☐ | Níl ☐ |
| **(c)** oifig/oifig láithreáin: | Tá ☐ | Níl ☐ |
| **(d)** monarcha nó ceardlann: | Tá ☐ | Níl ☐ |
| **(e)** duine chun idirbheartaíocht a dhéanamh ar chonarthaí ar do shon: | Tá ☐ | Níl ☐ |

Má freagraíodh 'tá' ar aon cheann de na ceisteanna thuas, tabhair na sonraí ar bhileog ar leithligh.

**7.** Luaigh an **uimhir (uimhreacha) tagartha cánach Éireannach) (más infheidhmithe)** atá agat: (féach nóta 1 ar leathanach 2):

**8.** Ar tugadh aon innealra/ábhair isteach sa Stát chun críocha an chonartha seo: Tugadh ☐ Níor tugadh ☐

Má tugadh, luaigh luach iomlán an innealra/an ábhair:

**9.** Ar chuir tú aon chuid den chonradh amach ar fhochonradh? Chuir ☐ Níor chuir ☐

Má chuir, luaigh ainm agus seoladh an fhochonraitheora a úsáideadh:

**10.** Ar fhostaigh tú aon fhostaithe chun an obair a dhéanamh in Éirinn: D'fhostaigh ☐ Níor fhostaigh ☐

Má d'fhostaigh, sonraigh an méid seo:

**(a)** an tír inar ríomhadh a bpá:

**(b)** na seoltaí ag ar fhan siad i bPoblacht na hÉireann:

**(c)** cén cháilíocht inar fhan siad ag na seoltaí úd (mar shamplaí mar aoi, mar úinéir nó mar thionónta):

**(d)** na dátaí a tháinig siad isteach sa tír seo:

**(e)** na dátaí a d'fhág siad an tír seo

Mura bhfuil a dhóthain spáis, féadtar an t-eolas thuas a thabhairt ar bhileog ar leithligh.

**11.** Luaigh dátaí deireadh bliana do chuntas:

**Dearbhú:** Dearbhaím ar feadh m'eolais go bhfuil an t-eolas uile atá tugtha ar an bhfoirm seo sonraithe i gceart.

**Síniú:**

Post:

Dáta: L L M M B B B B

**Nóta 1.** Le héifeacht ó 1 Eanáir 1993, aon duine atá i mbun seirbhísí a sholáthar i ndáil le hearraí dochorraithe (is é sin talamh agus foirgnimh) lonnaithe sa Stát, lena n-áirítear seirbhísí gníomhairí eastáit, ailtirí agus comhlachtaí a sholáthraíonn maoirsiú ar an láthair, tá dualgas orthu clárú agus cuntas a thabhairt i leith Cáin Bhreisluacha, is cuma luach na seirbhísí sin.

Má loictear clárú agus cuntas a thabhairt i leith **CBL, nuair is cuí**, cuirfear moill ar éilimh ar aisíocaíocht chánach. Dóibh siúd a bhfuil dualgas orthu clárú le haghaidh CBL, féach ar https://www.revenue.ie/ga/vat/vat-registration/how-do-you-register-for-vat/index.aspx

**Nóta 2.** Ba chóir an ceistneoir CSSG a sheoladh ar ais agus é comhlánaithe chuig:

An Fho-Rannóg Éileamh Idirnáisiúnta
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Oifigí an Rialtais
Bóthar Chonláin
An tAonach
Co. Thiobraid Árann
E45 T611, Éire

**Fón:** +353 1 738 3634
**Ríomhphost:** intclaims@revenue.ie

Is mar threoir amháin a thugtar an t-eolas sa doiciméad seo agus ní comhairle ghairmiúil í, ná comhairle dlí. Níor chóir glacadh leis go bhfuil an treoir cuimsitheach ná go dtugatar freagra críochnaitheach ann ar gach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus cuireann siad rialuithe custam i bhfeidhm. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar chun na gcríocha seo agus chun roinnt feidhmeanna eile reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a shannann an tOireachtas. Féadtar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus gníomhaireachtaí eile Rialtais faoi chúinsí áirithe sa chás go bhforáiltear seo sa dlí. Tá sonraí iomlána faoi bheartas um chosaint sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an gcaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le eolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach é sin a iarraidh.

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs